

❖ An Lúibín ❖

30 Meitheamh 2012

Inimircigh

De réir figiúirí ón mbliain 2011, bhí 1,400 duine ag fágáil na hÉireann gach seachtaine. Bhí 76,400 duine imithe faoi Mhí Aibreáin, méadú 16% ar an líon a d'fhág sa bhliain 2010. Tugadh víosaí Astrálacha do 3,095 Éireannach sa bhliain 2011 (le hais 1,840 sa bhliain 2010). Ní mór a líon san iomláine, ach deirtear má áirítear iad de réir daonra gurb ionann an líon sin agus 45,000 inimircigh sna Stáit.

Tá gá le hoibrithe oilte san Astráil Thiar go háirithe de bharr na mianadóireachta, ach níl easpa Éireannach ar stáit an oirthir ach oiread. De ghnáth is é Sydney is rogha lena leithéidí, ach tá i bhfad níos mó acu le fáil in Melbourne anois.

Agus leanfaidh siad orthu ag teacht – go ceann deich mbliana eile, b'fhéidir. Is é scéal na n-ochtóidí arís é, nó scéal na gcaogaidí féin, ach tá formhór na n-imircigh i bhfad níos oilte ná an seandream. A leithéidí atá ag teastáil ó rialtas na hAstráile, thiar agus thoir.

B'fhéidir go dtabharfaidh duine nó dhó gríosú beag d'úsáid na Gaeilge sa tír nua, cé go mbeadh a bhformhór sásta dearmad iomlán a dhéanamh ar an am a chuir siad amú ag iarraidh an teanga a fhoghlaim. Scata scáinte is ea lucht na Gaeilge san Astráil, cé go bhfuil a líon ag méadú de réir a chéile. Ní bheadh doicheadh orthu roimh chúnadh dá laghad.

Féach:

<http://www.globalpost.com/dispatch/news/regions/asia-pacific/120320/ireland-australia-economy-immigration>



An Ríordánach

Ní furasta saothar an fhile Seán Ó Ríordáin a aistriú go Béarla. Tá sé aistrithe gan dabht, ach tá an fhilíocht fite fuaite i loime an fhriotail agus fanann sí ann, mórán. Tá sé ar na filí nua-aoiseacha is suntasaí de chuid na hÉireann – file corr dianmhachnamhach. Tá taispeántas a bhaineann lena shaothar le bheith ar siúl i Músaem na Scríbhneoirí, 18 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath: www.writersmuseum.com. Trí scór pictiúr ann a d'eascair ó dhánta Uí Ríordáin. Cló Iar-Chonnacht, foilsitheoirí, a choimisiúnaigh iad tamall ó shin.

Ba leithne an fear ná an file, mar is léir ón gcuntas a thugann a chairde gaoil air agus ón gcuntas a thugann sé air féin ina dhialann. Bhí sé idir chuideachtúil agus aonarach, agus ní raibh an tsláinte go maith aige, rud eile a d'fhág scoite amach ón saol é.

Is annamh a scríobhaim. Is annamh a dheinim dán. Ach nuair a chaithim tamall ag scríobh nó ag smaoineamh tagann draíocht éigin mórthimpeall orm ná braithim in aon chor nuair a bhím i gcomhlúadar. Deineann duine eile díom agus tuigtear dom go bhfuil aithne agam orm féin agus gur duine suairc mé. Chím agus braithim mé féin leis agus mé i gcomhlúadar, ach ní maith é an té a chím. Is fírinne an duine aonair. (*Dialann 6/9/55*)

Ní fáilte ar fad a bhí roimh a shaothar nuair a tháinig sé faoi bhráid an phobail – filíocht nár eascair go nádúrtha ó thraidisiún na Gaeilge mar a chuimhnítí air ag an am ach a raibh rian na hEorpa air agus rian na litríochta Béarla. Tugann gach file faoin saol de réir mar is cú leis féin, ach ní gá gur binn lena mhuintir féin a fhriotail, agus

dúradh gur imeacht anásta a bhí faoi meadaracht agus faoi mhachnamh an fhile. D'aithin daoine eile neamhchoitiantacht a chuirfeadh cor nua i bhfilíocht na teanga. Rinne TG4 clár faisnéise faoin Ríordánach sa bhliain 2007. Louis de Paor, file eile, a chuir i láthair é agus tá sé le fáil anois ina dhá chuid mar fhíseán:

<http://www.youtube.com/watch?v=6tt5TkGSOv4> Mise Seán Ó Ríordáin 1

<http://www.youtube.com/watch?v=3sDwZZSxBKA&feature=relmfu> Mise Seán Ó Ríordáin 2

Tá dánta an Ríordánaigh ina n-íomláine le fáil anois in *Seán Ó Ríordáin: Na Dánta*, Cló Iar-Chonnacht 2012, ISBN 9781905560738. Féach www.cic.ie.



Bille na Gaeltachta

Tá Bille na Gaeltachta 2012 foilsithe. Leagfar amach Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar chritéir thíreolaíocha, agus naoi gceantar déag pleanála teanga a beidh ann. Is fairsing iad na ceantair agus deir daoine éigin (go háirithe Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge) nach leor an aird a tugadh ar na catagóirí A, B agus C a luadh sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Deir an Bille go mbeidh Líonraí Gaeilge ann chun cuidiú le húsáid na Gaeilge agus a mbeidh pleananna teanga socraithe acu le Foras na Gaeilge. Ach i laghad atá buiséad an Fhorais ag dul agus i ndáiríre is beag maoiniú a bheidh le fáil.

Tá Bord na Gaeltachta ann go fóill agus a chuid ball ceaptha ag an Aire Gaeltachta nó ainmnithe ag na Comhairlí Contae sna contaetha Gaeltachta. Is gearr, áfach, go mbeifear á fhiafraí cén fáth an bhfuil an Bord ann ar chor ar bith. B'fhéidir gur féidir an dé a choinneáil sa Ghaeltacht nó i gcuid di, ach is é is dóichí go bhfuil an ceart acu siúd a deir go mbeidh an teanga marbh ann i gceann fiche bliain. Ní bheidh sa Bhord ag an bpointe sin ach foras eile atá ag brath ar an gcur i gcéill, ar nós roinnt rudaí eile a baineann leis an nGaeltacht. Tá an Béarla fréamhaithe go daingean i ngach ceantar a bhfuil Gaeilge á labhairt ann ó dhúchas.

Tá sé ráite ag urlabhra Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge go bhfuil an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge agus cuspóirí Bhille na Gaeltachta ag brath go mór ar thacaíocht an phobail. An ceart aige. Ach ní hionann sin is a rá go bhfuil ciall anois leis an straitéis agus na cuspóirí. Tá an teanga ag fás uaithi féin sna fobhailte agus is beag baint atá ag aige sin le beartais oifigiúla, fiú más le dea-chroí a rinneadh iad. Aithnítear gur gá tairbhe a bhaint as an bhfás uirbeach úd, ach ar éigean is féidir na *plain people of Ireland* a chur ag labhairt na Gaeilge (fiú an chúpla focal), go háirithe má leantar de phraiseach a dhéanamh de mhúineadh na dteangacha i gcoitinne. (Thaispeáin suirbhé de chuid *Eurobarometer* ar 27,000 duine go raibh na hÉireannaigh ar na dreamanna ba lú eolas ar theangacha eile. Ba mheasa, áfach, an Bhreatain, an Ungáir, an Iodáil agus an Phortaingéil.)



Teamhair

Tá Teamhair ann agus tá sí naofa – cé go ndéarfadh lucht timpeallachta nach bhfuil sí chomh naofa sin go ndiúltódh lucht déanta bóthar cúngú ar an bhfearann. Tá iarsmaí ar na cnoic úd nach féidir a dhealú amach ó na finnscéalta is sine. Cuimhnimis ar Ráth na Ríogh, clós de chuid na hIarannaoise, ar an bhForradh, ar Lia Fáil, ar Dhumha na nGiall, ar Ráth Laoghra agus ar Ráth Mhéabha. Níl siad leath chomh hársa le harsmaí na mBundúchasach san Astráil, ach tá cuimhní a gcine féin iontu.

Fiú sa Dinnseanchas meabhraítear ar Theamhair mar chuimhne, mar iarsma: rud a mhaireann in aigne an chine, i bhfriotal na saoithe.

Ro fáith cach recht im road,
roscáich cach cert co grian;
Temair indiu cid fásach,
bói ré ba násad niad.

D'imigh gach reacht um mhór-rath, chuaigh gach ceart go grean; Teamhair cé gur fásach inniu í ba thionól laochra tráth í.

An áit a d'imigh chun raice ní dheachaigh sí chun dearmaid; tá sí i mbuaic a réime fós, ar shlí.

Nirbo thráig a tor tóebach,
diarbo hóenach scor scélach;
ba mór ndám diarbo domgnas
in dúnad fondglas féarach.

*Níor thráigh a dtúir iltaobhacha mar a mbíodh aonach buíonta scéalacha; is iomaí cuideachta a bhíodh ina gcónaí sa dún
fomghlas féarach.*

Agus ní féidir cuimhneamh ar an áit gan cuimhneamh ar an laoch: 'Ba dhroim oirirc le hamharc air í in aimsir
Chormaic Uí Choinn'. Tá an Cormac úd ina eiseamláir den ríogacht, ach aithnítear nach féidir é a shamhlú gan
glóir na Teamhrach ina thimpeall. Níl ann, i ndeireadh na dála, ach gné den áit:

Dia mbói Cormac fri clotha,
ba réil ro blad a retha:
ní fríth dún amail Temraig,
ba sí rún belaig betha.

Nuair a bhí iomrá le Cormac ba gheal é clú a réime; ní raibh fáil ar dhún amhail Teamhair, ba í rún bealaí na beatha í.

Bhain náisiúnaigh an 19ú haois a dtairbhe féin as Teamhair – 'the harp that once...'. Ba ghearr gur thosaigh na
seandálaithe ag tochailt, ag baint agus ag scrúdú. Is dócha gur láithreán naofa í Teamhair riamh seachas áit
ríogachta, agus fiú má bhainimid an screamh náisiúnaíoch de scéal na háite is léir go bhfuil rud éigin ann atá thar
a bheith tábhachtach i meon na tíre. Taispeánann na seandálaithe dúinn gréasáin láithreán a fáisceadh as bunús
an dúchais – an dúchas céanna a mhaireann i bhfocail na saoithe.

Féach *The Metrical Dindshenchas: Temair 4* (agus aistriúchán Béarla leis):

<http://www.ucc.ie/celt/published/G106500A/index.html>



Meon eile

Suíomh nua eolais: **Meon Eile - ag cur leis an chomhrá:** www.meoneile.ie. Míreanna nuachta agus físeáin. Béim,
ar ndóigh, ar ghnóthaí na hÉireann – gaelscolaíocht, cúrsaí teanga, an banna Westlife agus mar sin de. Tabhair
súil air.

Is fiú go háirithe éisteacht leis an scríbhneoir Darach Mac Con Iomaire agus ansin cuairt a thabhairt ar TG4 chun
teacht suas le heipeasóid de 'Corp agus Anam,' sraith iontach faoi iriseoir róthreallúsach a raibh lámh ag Darach
intí: www.tg4.ie.



www.oireachtas.ca

1. Áirithint Óstáin : Days Inn, 613 546-3661.

Tá an óstán **beagnach in áirithe ina iomláine**. Ní bheidh seomra ar bith fágtha i gceann lá nó dhó. Ní mór tagairt a dhéanamh do ‘group bookings’ (Irish language group) le haghaidh an ráta speisialta.

2. Aíonna Speisialta: **Fíbin**, Comhlacht drámaíochta ó Chonamara ag léiriú ‘An Rón Dall’ – féach www.fibin.com.



Seachadadh cumhachta: an Éigipt in aimhréidhe

Is í an Éigipt an tír is tábhachtaí sa domhan Arabach i dtaca le daonra agus tionchar cultúrtha de agus gá léi chun an réigiún a thabhairt chun suaimhnis. Ach caithfidh sí í féin a thabhairt chun suaimhnis ar dtús, agus tá an dá dhream is cumhachtaí sa tír i ngleic le chéile – Comhairle Uachtarach na bhFórsaí Armtha agus an Bráithreachas Muslamach. Is mian leis an Chomhairle Uachtarach a gcuid féin a chosaint; is mian leis an mBráithreachas (eagraíocht mheánaicmeach) an rud atá geallta dóibh a bhaint amach. Tá éiginnteacht ag roinnt le cur chuige na nginearál agus níor thaispeáin an Bráithreachas fós go mbeadh éifeacht leo sa pharlaimint.

Tá tuairim le fáil ar chúrsaí na tíre mar atá siad anois i dtuairisc an-suimiúil a chuir an International Crisis Group amach i Mí Aibreáin i mbliana: ‘Lost in Transition: The World According to Egypt’s SCAF’.¹

Deir an tuairisc nach mór an fonn atá ar Chomhairle Uachtarach na bhFórsaí Armtha an Éigipt a rialú; bhí siad sásta fáil réidh le Mubarak toisc go raibh inní orthu faoin gclaonadh a bhí ann chun rialtas oidhreachtúil a bhunú, faoi dhrochthorthaí polasaithe nualioibrálacha agus faoin gcmailéireacht a bhain le cairde gaoil an Uachtaráin. Shíl an Chomhairle Uachtarach go raibh an réabhlóid curtha i gcrích nuair a treascraíodh Mubarak. Dá bhrí sin, bhí claonadh acu chun a mheas gur ar mhaithe leo féin nó (níos measa) ar mhaithe le cumhachtaí eachtrannacha ar nós na Stát Aontaithe a bhí na daoine a lean orthu ag agóidíocht.

Is dóigh leis an Chomhairle Uachtarach gur ag na fórsaí míleata amháin atá an stuaim agus an taithí is gá chun an tír a chosaint. Níl sna páirtithe difriúla polaitiúla, dar leo, ach dreamanna leithleasacha, cé go meas éigin acu ar an mBráithreachas Muslamach mar shean-namhaid dhiongbháilte. Is é an Bráithreachas an t-aon fhórsa dea-eagraithe polaitiúil amháin agus caithfidh na ginearál plé leo, cé nach ionann sin is a rá go bhfuil an dá dhream geal le chéile.

Deir an tuairisc nach mian leis an Chomhairle Uachtarach muinín a chur i sibhialtaigh gan taithí nuair atá corraíl i Sionáí agus cúrsaí gan socrú sa Libia agus sa tSúdáin. Ní háil leo na buntáistí atá acu a chailleadh – buiséad rúnda nach ceadmhach dó sibhialtaigh cur isteach air, díolúine ó ionchúiseamh agus gnólachtaí móra dá gcuid féin. Ní mian leo iad féin a chur ar shlí a gcáinte de bharr dheacrachtaí sóisialta agus polaitiúla na tíre. B’fhearr leo fanacht i leataobh mar urra na bunreachtúlachta agus an fhíorchumhacht a choinneáil i gcúl a ndoim féin.

Ach ní féidir a rá gur imir siad an cluiche go maith. Nuair a chuir siad Ioslamaigh agus dí-eaglaisigh i gcoinne a chéile tháinig olc orthu siúd chun na nginearál. Tá seachadadh na cumhachta dultha in aimhréidh agus ceist an chaidrimh sibhialta-mhíleata gan réiteach fós, ceist ar dhóigh achrainn í roimh an éirí amach agus fós ina dhiaidh. Bhí an dealramh ceart ar an seachadadh – toghcháin uachtaránachta agus parlaiminte agus bunreacht nua – ach thar aon rud eile is baolach, b’fhéidir, go mbainfear an bonn ón rialtas nua, go mbeidh córas éadaingean polaitiúla ann agus nach réiteofar na mórcheisteanna.

¹ Ciallaíonn SCAF (i mBéarla) ‘Supreme Council of the Armed Forces’. Féach <http://www.crisisgroup.org/en/regions/middle-east-north-africa/egypt-syria-lebanon/egypt/121-lost-in-transition-the-world-according-to-egypts-scaf.aspx> Lost in Transition: The World According to Egypt’s SCAF.

Mar a deir an tuairisc, b'fhearr leis an Chomhairle Uachtarach scéal eile a chloisteáil. Bhí fonn orthu ó thús iarsmaí an tseansaoil a chaomhnú ar son an leanúnachais, an gnáthshaol a chur ar a chóir féin agus an agóidíocht a mhaolú. Ba mhian leo dul i gcomhar leis na hIoslamaigh agus srian a chur leo.

Anois tá Uachtarán nua ann – Mohammed Morsi, iarrthoir an Bhráithreachais. Ach níl bunreacht nua ná parlaimint ann; rinneadh praiseach den mhéid sin den scéal. Caithfear toghcháin nua a bheith ann, agus ní mór do na feisirí gníomh a dhéanamh. Idir an dá linn tá an dá sheanfórsa ann i gcónaí: an Bráithreachas féin agus na ginearáil.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Bille na Gaeltachta

Tá Bille na Gaeltachta 2012 foilsithe. Leagfar amach Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta ar chritéir theangeolaíoch² seachas ar chritéir thireolaíoch.

Deir an Bille go mbeidh Líonraí³ Gaeilge ann chun cuidiú le húsáid na Gaeilge. Ach is beag maoiniú a bheidh le fáil.

Tá Bord na Gaeltachta ann go fóill agus a chuid ball ceaptha ag an Aire Gaeltachta nó ainmnithe ag na Comhairlí Contae sna contaetha Gaeltachta. Is gearr, áfach, go mbeidh daoine á fhiafraí⁴ cén fáth an bhfuil an Bord ann ar chor ar bith. Is dócha go mbeidh an teanga marbh ann i gceann fiche bliain. Tá an Béarla fréamhaithe go daingean i ngach Gaeltacht.

Tá sé ráite ag urlabhra Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge go bhfuil an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge agus cuspóirí Bhille na Gaeltachta ag brath go mór ar thacaíocht an phobail. Tá an ceart aige. Ach ní hionann sin is a rá go bhfuil ciall anois leis an straitéis agus na cuspóirí. Tá an teanga ag fás uaithi féin⁵ sna fobhailte agus is beag baint atá ag aige sin le beartais oifigiúla.

Aithnítear gur gá tairbhe a bhaint as an bhfás uirbeach úd, ach ar éigean is féidir an gnáthphobal a chur ag labhairt Gaeilge, go háirithe má leantar de⁶ theangacha a mhúineadh go dona. Thaispeáin suirbhé Eorpach go raibh na hÉireannaigh ar na dreamanna ba lú eolas⁷ ar theangacha eile.

Seachadadh cumhachta: an Éigipt in aimhréidhe

Is í an Éigipt an tír is tábhachtaí sa domhan Arabach. Ach caithfidh sí í féin a thabhairt chun suaimhnis, agus tá an dá dhream is cumhachtaí sa tír ag dul i ngleic le chéile – Chomhairle Uachtarach na bhFórsaí Armtha agus an Bráithreachas Muslamach.

Tá tuairisc ar chúrsaí na tíre curtha amach ag an International Crisis Group. Deir an tuairisc nach mian leis an Chomhairle Uachtarach an Éigipt a rialú. Bhí siad míshásta le mí-éifeacht rialtas Mubarak agus shíl siad go raibh an réabhlóid curtha i gcrích nuair a treascraíodh Mubarak. Is dóigh leo nach bhfuil sna páirtithe polaitiúla ach dreamanna leithleasacha, cé go meas acu ar an mBráithreachas Muslamach mar dhream diongbháilte. B'fhearr leis an Chomhairle Uachtarach an chuid is mó den chumhacht a coinneáil acu féin ach gan aird an phobail a tharraingt orthu féin.

Níl sé socraithe fós cén caidreamh ba cheart a bheith idir na sibhialtaigh agus na fórsaí armtha, agus is baolach go mbeidh córas éadaingean polaitíochta ann.

Bhí fonn ar an Chomhairle Uachtarach riamh iarsmaí an tseansaoil a chaomhnú ar son an leanúnachais, an gnáthshaol a chur ar a chóir féin arís⁸ agus an agóidíocht a mhaolú. Ba mhian leo dul i gcomhar leis na hIoslamaigh agus srian a chur leo.

Anois tá Uachtarán nua ann – Mohammed Morsi, iarrthoir an Bhráithreachais. Ach níl bunreacht nua ná parlaimint ann. Caithfear toghcháin nua a bheith ann, agus ní mór do na feisirí gníomh a dhéanamh. Idir an dá linn tá an dá sheanfórsa ann i gcónaí: an Bráithreachas féin agus na ginearáil.

² Critéir theangeolaíoch – linguistic criteria

³ Líonraí - networks

⁴ Á fhiafraí - enquiring

⁵ Ag fás uaithi féin – growing by itself

⁶ Má leantar de – if they continue to

⁷ Ba lú eolas – had the least knowledge

⁸ Ar a chóir féin arís – on its old footing again